# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 1

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

3 Eanáir 2023


Clár


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin (“Salers” (STFC))** ...... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte** ...... 3


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1 ÓN gCOIMISIÚN

**an 21 Nollaig 2022**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin (“Salers” (STFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d’Airteagal 53, mír 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Fraince ar fhormheas leasaithe ar shonraíocht an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint “Salers” atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún ([2]), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 828/2003 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Salers” (STFC) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 1996 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 148, 21.6.1996, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 828/2003 ón gCoimisiún an 14 Bealtaine 2003 lena leasaítear an tsonraíocht do shé ainm déag a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair a chosaint (Danablu, Monti Iblei, Lesbos, Beaufort, Salers, Reblochon nó Reblochon de Savoie, Laguiole, Mont d’Or nó Vacherin du Haut-Doubs, Comté, Roquefort, Époisses de Bourgogne, Brocciu Corse nó Brocciu, Sainte-Maure de Touraine, Ossau-Iraty, dinde de Bresse, huile essentielle de lavande de Haute-Provence) (IO L 120, 15.5.2003, lch. 3).

([4]) IO C 349, 12.9.2022, lch. 11.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21 Nollaig 2022**

**lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014 ón gCoimisiún ([2]), maidir le hullmhóid dhromchlaghníomhach chun an craiceann agus an ghruaig a ní, í i bhfoirm glóthach, agus ina bhfuil comhpháirteanna sonracha i gcionmhaireachtaí comhchosúla chun an craiceann a ní agus chun an ghruaig a ní, arb ullmhóid í a chuirtear ar fáil i mbuidéal plaisteach 300 ml, atá cóirithe lena miondíol, aicmíodh í faoi chód 3401 30 00 den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([3]), mar "ullmhóid chun an craiceann a ní, atá cóirithe lena miondíol". Is ullmhóid é an táirge chun an ghruaig a ní, de réir bhrí cheannteideal 3305 den Ainmníocht Chomhcheangailte, agus an craiceann araon, de réir bhrí cheannteideal 3401. I bhfianaise a shaintréithe oibiachtúla, níorbh fhéidir a chinneadh cén chomhpháirt lena dtugtar don táirge a bhuntréith. Dá bhrí sin, de bhua riail ghinearálta 3(c) maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, níor mhór an táirge a aicmiú faoin gceannteideal deireanach in ord uimhriúil, is é sin, faoi cheannteideal 3401.

(2) Le linn an 69ú seisiún de chuid an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim i mí Mhárta 2022, formheasadh tuairim 3305.10/5 maidir le haicmiú lena n-aicmítear glóthach seampú chun gruaig agus craiceann a ní ina bhfuil uisce, oibreáin dhromchlaghníomhacha orgánacha, glicrín, eastóscáin plandaí, sulfáit mhaignéisiam, glúcónáit since, gliocól búitiléine, clóiríd sóidiam, aigéad citreach, alcól, cumhrán, substaintí aramatacha agus támháin, atá pacáistithe i mbuidéal 250 ml lena miondíol. Aicmíodh an táirge faoi cheannteideal CC 3305 de bharr gurbh infheidhme nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 34 den Chóras Comhchuibhithe, nóta lena n-eisiatar "seampúnna, substaintí glanta fiacla, uachtair bhearrtha agus cúir, nó ullmhóidí folctha, ina bhfuil gallúnach nó oibreáin dhromchlaghníomhacha" ón gCaibidil sin agus ina luaitear aicmiú faoi cheannteidil 3305, 3306 nó 3307. Dá bhrí sin, aicmíodh an táirge faoi fho-cheannteideal CC 3305 10, a chomhfhreagraíonn do chód AC 3305 10 00, trí rialacha ginearálta 1 agus 6 a chur i bhfeidhm maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe, agus nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 34 den Chóras Comhchuibhithe.

(3) I bhfianaise na saintréithe de chuid an táirge atá comhionann nó atá an-chosúil leis an ullmhóid a dtugtar tuairisc air i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014, níl aicmiú taraife na hullmhóide, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, i gcomhréir le tuairim 3305.10/5 maidir le haicmiú.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2014 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 207, 15.7.2014, lch. 13).

([3]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

(4) De bhua Chinneadh 87/369/CEE ón gComhairle ([4]), is páirtí conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí. Is ionstraimí treorach le haghaidh bhearta taraife an Aontais iad tuairimí maidir le rangú arna bhformheas ag an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe.

(5) D'fhonn aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ós rud é go bhfuil tuairim 3305.10/5 maidir le haicmiú i gcomhréir leis an bhfoclaíocht atá i nóta 1(c) a ghabhann le Caibidil 34 den Ainmníocht Chomhcheangailte agus i bhfo-cheannteideal CC 3305 10, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014 a aisghairm.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 761/2014.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Gerassimos THOMAS
*An tArd-Stiúrthóir*
*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim*

---

([4]) Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA